



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14908/23

DENLEG 51
AGRILEG 265
PESTICIDE 56

NÓTA CLÚDAIGH

ó: An Coimisiún Eorpach
dáta a fuarthas: 27 Deireadh Fómhair 2023
chuig: Ardrúnaíocht na Comhairle

Uimh. an doic. ón
gCoim.: D089878/3

Ábhar: RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN
an XXX
lena leasaítear larscríbhinn II a ghabhann le
Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus
ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh
halocsafoip i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D089878/3.

Faoi iamh: D089878/3



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, **XXX**
PLAN/2023/897 Rev. 1
(POOL/E4/2023/897/897R1-EN.docx)
D089878/03
[...] (2023) **XXX** draft

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an **XXX**

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéal iarmhar le haghaidh halocsafoip i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an XXX

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh halocsafoip i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle¹, agus go háirithe Airteagal 14(1)(a) agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcás na substainte gníomhaí halocsafoip, socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 6(2) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 cuireadh isteach iarratas ar lamháltas allmhairiúcháin maidir le halocsafoip a úsáidtear san Astráil ar rós lín agus ar shíolta ráibe. Maíonn an t-iarratasóir go mbíonn iarmhair ann a sháraíonn na MRLanna le haghaidh rós lín atá luaite i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 nuair a úsáidtear an tsubstaint sin sa dóigh a n-údaráítear í a úsáid ar bharr den sórt sin san Astráil, agus maíonn sé gur gá MRLanna níos airde chun bacainní trádála ar allmhairiú rós lín agus shíolta ráibe a sheachaint.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne an Ballstát lena mbaineann meastóireacht ar an iarratas agus cuireadh an tuarascáil mheastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 9 den Rialachán sin.
- (4) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') measúnú ar an iarratas agus ar an tuarascáil mheastóireachta, agus rinne sé scrúdú faoi leith ar na rioscaí atá ann do thomhaltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, d'ainmhithe, agus thug sé tuairim réasúnaithe faoin MRL atá beartaithe². Chuir sé an tuairim sin ar aghaidh chuig an iarratasóir, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal í.
- (5) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur comhlíonadh na ceanglais go léir maidir le sonraí agus go raibh an modhnú ar an MRL a d'iarr na hiarratasóirí inghlactha i dtaca le sábháilteacht na dtomhaltóirí ar bhonn measúnú ar theagmháil le tomhaltóirí i gcás

¹ IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

² *European Food Safety Authority reasoned opinion on the setting of import tolerances for haloxyfop-P in linseed and rapeseed.* [Tuairim réasúnaithe ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht maidir le lamháltas allmhairiúcháin a shocrú le haghaidh halocsafoip-P i rós lín agus i síolta ráibe'.] EFSA Journal [Iris EFSA] 2018;16(11):5470.

27 ngrúpa tomhaltóirí Eorpacha shonracha. Cuireadh san áireamh ann na sonraí tomhaltais agus an fhaisnéis maidir le hairíonna tocsaineolaíochta na substainte a bhí bailí an tráth sin. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur léiríodh nach bhfuil baol ann go sárófaí an iontógáil laethúil inghlactha nó an ghéardháileog thagartha le teagmháil ar feadh an tsaoil leis an tsubstaint sin trí chaitheamh na dtáirgí bia go léir a bhféadfadh sí a bheith iontu, ná le teagmháil ghearrthéarmach trí go leor de na táirgí lena mbaineann a chaitheamh, .

- (6) Cuireadh MRL le haghaidh pónairí soighe a bunaíodh ar iarratas ar lamháltas allmhairiúcháin chun feidhme roimhe seo le Rialachán (AE) 2017/171 ón gCoimisiún³ ós rud é gur tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go raibh an MRL a beartaíodh sábháilte do thomhaltóirí⁴.
- (7) In 2020, de réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1643 ón gCoimisiún⁵, ní dhearnadh formheas na substainte gníomhaí a athnuachan mar gheall gur chinn an t-iarratasóir ar athnuachan nach dtacódh sé a thuilleadh leis an iarratas ar fhorghnóthas a athnuachan.
- (8) Rinneadh gach údarú le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil halocsafof a chúlghairm. MRLanna a shocraítear le haghaidh na substainte gníomhaí sin atá ann cheana in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí, dá bhrí sin, iad a scríosadh i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin i gcomhar le hAirteagal 14(1)(a) de.
- (9) I gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás tuairim réasúnaithe a thabhairt, ina ndéanfaí measúnú ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na MRLanna atá ann faoi láthair, bunaithe ar lamháltais allmhairiúcháin agus CXLanna i gcás halocsafof, i bhfianaise na sonraí tomhaltais is déanaí atá ar fáil agus i bhfianaise na faisnéise deimhniúcháin is gá a bheith curtha isteach nó gan bheith curtha isteach chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sonraí a sainithníodh le linn an athbhreithnithe MRL i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005⁶.
- (10) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach meastar go mbaineann riosca do thomhaltóirí leis na MRLanna atá ann cheana i gcás halocsafof i bpónairí soighe, ná leis na lamháltais allmhairiúcháin atá beartaithe don tsubstaint ghníomhach sin i rós lín agus síolta ráibe agus na CXLanna atá ann cheana le haghaidh oinniún agus síolta lus na

³ Rialachán (AE) 2017/171 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2017 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhair le haghaidh aimínipirilide, cíofluifeanaimide, ciopróconasóil, dé-eatofeancarb, déthiacarbamáite, fluasafof-P, fluaipioraim, halocsafof, isifeitimide, meatalacsail, próiheicseaidé-óin, própacuisseafoip, pirimeiteanaile, *Trichoderma atroviride* tréithchineál SC1 agus socsaimide i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 30, 3.2.2017, lch. 45).

⁴ European Food Safety Authority reasoned opinion on the setting of import tolerance for haloxyfop-P in soya beans. [Tuairim réasúnaithe ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht maidir le lamháltas allmhairiúcháin a shocrú le haghaidh halocsafof-P i bpónairí soighe'.] EFSA Journal [Iris EFSA] 2016;14(7):4551.

⁵ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1643 ón gCoimisiún an 5 Samhain 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha foisfid cailciam, beansóait dínádóiniam, halocsafof-P, imíodaclóiprid, peinciocúrón agus zéite-cipirmeitrín (IO L 370, 6.11.2020, lch. 18).

⁶ Rialachán (AE) 2015/2075 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2015 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar abaimectine, deismeideafam, déchlórpróp-P, halocsafof-P, oiriosailine agus feinmeideafam i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 302, 19.11.2015, lch. 15).

gréine. Mar sin féin, i bhfianaise na sonraí tomhaltais is déanaí agus na gceanglas maidir le sonraí, maidir le pónairí soighe agus síolta lus na gréine, ní raibh roinnt faisnéise ar fáil agus dá bhrí sin ba ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh.⁷

- (11) Ós rud é go meastar go bhfuil an MRL le haghaidh halocsafof i bpónairí soighe agus an CXL le haghaidh síolta lus na gréine sábháilte do thomhaltóirí agus gur sainaitníodh an fhaisnéis a bhí ar iarraidh le linn an mheasúnaithe riosca a rinne an tÚdarás in 2022, is iomchuí am a thabhairt don iarratasóir na sonraí arna n-iarraidh a chur isteach. Dá bhrí sin, déanfar athbhreithniú ar na MRLanna sin, cuirfear san áireamh san athbhreithniú sin an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de 2 bhliain ó fhoilsiú an Rialacháin seo. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, is iomchuí na MRLanna le haghaidh oinniún, pónairí soighe, rós lín, síolta ráibe agus síolta lus na gréine a shocrú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag na leibhéil a shainaithníonn an tÚdarás.
- (12) Ina theannta sin, shainaithin an tÚdarás gurb é 0,01* mg/kg an LOD táirgeshonrach do bhainne a chuireann go mór le teagmháil ainsealach, ionas gur cheart LOD don táirge sin a shocrú ag 0,002 mg/kg. I gcás gach táirge eile, is iomchuí, dá bhrí sin, na MRLanna sin le haghaidh halocsafof a leagadh amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a íslíú go dtí an LOD a bhaineann go sonrach leis an táirge i gcomhréir le hAirteagal 14(1)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, i gcomhar le hAirteagal 17 den Rialachán sin.
- (13) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh maidir le hiarmhair halocsafof a mhéid a bhaineann leis an ngá LODanna áirithe a oiriúnú. Mhol na saotharlanna sin LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge agus ar féidir iad a bhaint amach go hanailíseach i gcás gach táirge.
- (14) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir leis na MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh na tuairimí uathu san áireamh.
- (15) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir.
- (16) Chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh ar an ngnáthshlí, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le táirgí a tháirgtear san Aontas nó a allmhairítear isteach san Aontas sula mbeidh na MRLanna nua infheidhme agus ar ina leith a choinnítear leibhéal ard cosanta tomhaltóirí ar bun.
- (17) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna modhnaithe ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a thiocfaidh as an modhnú ar na MRLanna a chomhlíonadh.
- (18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

⁷ *European Food Safety Authority reasoned opinion on the targeted review of maximum residues levels (MRLs) for haloxyfop-P.* [Tuairim réasúnaithe ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht maidir leis an athbhreithniú spriocdhírthe ar uasleibhéal iarmhar (MRLanna) i gcás halocsafof-P.] EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(11):7658.

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leanfaidh Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a bhí sé sular leasaíodh é leis an Rialachán seo agus beidh feidhm aige maidir le táirgí a táirgeadh san Aontas nó a allmhairíodh isteach san Aontas roimh [*Oifig na bhfoilseachán: cuirtear isteach an dáta sé mhí tar éis dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [*Oifig na bhfoilseachán, cuir isteach dáta sé mhí tar éis dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN